# Uimhirlínte Draíochta

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas- cuntas, comparáid agus ordú<br>*Naisc Thraschuraclaim: Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • Straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl<br>• Patrúin a lorg agus labhairt orthu<br>• Teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha 0–199, roimh, i ndiaidh, idir, tús, deireadh, ar iarraidh, ord, seicheamh, suíomh |
| **Áiseanna** | uimhirlínte ó uirlisí cineálacha ar líne, fíor-uimhirlínte, cártaí digite, bata comhairimh, cláir bhána bheaga, marcóirí |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeántar uimhirlíne ar an scáileán do na daltaí agus pléann siad suíomhanna na n-uimhreacha, seichimh agus luachanna. Mar shampla, thiocfadh leo uimhir a chur i bhfolach agus ceistigh cén uimhir atá ar iarraidh, nó thiocfadh leo ord na n-uimhreacha a athrú, nó na huimhreacha rompu agus ina ndiaidh a shainaithint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Déanann na daltaí uimhirlíne dhaonna ó uimhir tosaigh a chruthú (is féidir uimhir ar bith a úsáid, ní chaithfidh tú 0 nó 1 a úsáid agus is féidir leat dul thar 10/20/30 srl.). Pléigh ord na n-uimhreacha. Cuir gníomhaíochtaí difriúla san áireamh cosúil leis an ord a iompú droim ar ais nó uimhreacha a bhaint, agus iarr ar na daltaí barúil a thabhairt.

### 3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, déanann na daltaí uimhirlínte a chruthú. Dearann dalta amháin uimhirlíne agus iarrann sé/sí ar a c(h)omhscoláire na píosaí atá ar iarraidh a líonadh isteach lena chomhlánú. Nó, thiocfadh leo uimhirlíne ina bhfuil na huimhreacha san ord mhícheart a chruthú agus iarraidh ar a gcomhscoláire é a cheartú. Ansin, pléann siad cad é mar a d'athraigh an uimhirlíne agus an fáth ar cuireadh na huimhreacha in ord faoi leith.

### 4 Gníomhaíocht 4

Taispeáin dhá uimhirlíne dhifriúla do na daltaí agus ceistigh iad cad é a thugann siad faoi deara. Mar shampla, cad é mar atá siad mar an gcéanna agus cad é mar atá siad difriúil. Thiocfadh leis na huimhirlínte tosú nó críochnú le huimhreacha difriúla nó uimhreacha a bhaint ag pointí áirithe. Ansin, thig leis na daltaí a gcuid péirí uimhirlínte a chruthú lena gcur i comparáid.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhreacha a thagann roimh/ i ndiaidh x?<br>• Cén uimhir atá ar iarraidh?<br>• Cén uimhir a thagann idir x agus y?<br>• Cén uimhir atá san áit mhícheart? | • Cad é a thugann tú faoi deara faoin uimhirlíne seo?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil ord na n-uimhreacha ceart/mícheart?<br>• Cad é mar atá na huimhirlínte seo mar an gcéanna/difriúil? |

## Difreáil

Is féidir raon na n-uimhreacha a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.